


Gníomhaíocht Daltaí: Línte Comhthreomhar leis an dá Ais

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Línte atá comhthreomhar leis na hAiseanna” ar CD an Dalta.

Ag iniúchadh tréithe Línte atá comhthreomhar leis an dá Ais



Féadfaidh tú an t-eolas ar an scáileán a athrú leis an sleamhnóir “Céim”.

Socraigh an sleamhnóir ag “Céim = 1”

1. Cén tréith chomóna atá ag na pointí lipéadaithe uile ar an scáileán? _____

2. Scríobh síos pointe eile ar an líne sin. _____
3. Chun do fhreagra a sheiceáil, bog an ponc dearg go dtí an pointe atá scríofa síos agat.
4. Bog na poncanna glasa a chonaic tú anois díreach. Céard a thugann tú faoi deara maidir le comhordanáidí na bponcanna? _____

5. Cén líne a bhfuil an líne ghlas sin comhthreomhar léi? _____
6. Bog an ponc gorm isteach sa chiorcal arb é cothromóid na líne sin, dar leat.
7. Sleamhnaigh “Céim” go dtí 2. Cén tréith chomóna atá ag na pointí uile ar an scáileán? _____

8. Scríobh síos comhordanáidí pointe eile ar an líne sin. _____
9. Chun do fhreagra a sheiceáil, bog an ponc dearg go dtí an pointe atá scríofa síos agat.
10. Bog na poncanna glasa atá le feiceáil anois. Céard a thugann tú faoi deara maidir le comhordanáidí na bponcanna? _____
- _____
11. Céard leis a bhfuil an líne sin comhthreomhar? _____
12. Bog an ponc gorm isteach sa chiorcal arb é cothromóid na líne é, dar leat.
13. Sleamhnaigh “Céim” go dtí 3. Breathnaigh cothromóid na líne agus na pointí ar an líne. Céard a thugann tú faoi deara? _____
14. Tarraing an líne síos ionas gurb é $y=1$ an chothromóid. Scríobh síos na pointí uile atá á léiriú ar an líne. _____
15. Tarraing an líne síos ionas gurb é $y=0$ an chothromóid. Scríobh síos na pointí uile atá le feiceáil ar an líne. _____
16. Scríobh síos ainm eile ar an líne sin. _____
17. $y=3$, $y=1$, $y=0$, $y=-3$, is línte _____ iad uile.
18. Sleamhnaigh “Céim” go dtí 4. Breathnaigh cothromóid na líne agus na pointí ar an líne. Céard a thugann tú faoi deara? _____
19. Tarraing an líne ar chlé, ionas gurb é $x=1$ an chothromóid. Scríobh síos na pointí uile atá á léiriú ar an líne. _____

20. Tarraing an líne ar chlé, ionas gurb é $x=0$ an chothromóid. Scríobh síos na pointí uile atá á léiriú ar an líne. _____
21. Scríobh síos ainm eile ar an líne sin. _____
22. $x=3$, $x=1$, $x=0$, $x=-3$ is línte _____ iad uile.
23. Scríobh síos cothromóid na líne a ghabhann trí $(2,4)$ agus $(2,-7)$. _____
24. Scríobh síos cothromóid na líne a ghabhann trí $(3,5)$ agus $(-2,5)$. _____